



2024/2054

25.7.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2054 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Iúil 2024

Iena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2061 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (2021-2026)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle ⁽¹⁾, síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine ⁽²⁾ ('an Comhaontú') agus an Prótacal Cur Chun Feidhme ('an Prótacal') a ghabhann leis an gComhaontú sin an 15 Samhain 2021 agus cuireadh i bhfeidhm iad go sealadach ó shin i leith.
- (2) An 18 Iúil 2022 ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1448 ⁽³⁾ maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus an Phrótacail. Le hAirteagal 3 den Chinneadh, údaraítear an Coimisiún leasuithe ar an bPrótacal a fhorghnóthar ceann an Aontais.
- (3) Maidir le catagóir iascaireachta 1 (Soithí a dhéanann iascaireacht ar chrústaigh seachas gliomaigh spíonacha), foráiltear le pointe 5 den bhileog sonraí maidir le catagóir iascaireachta 1 i bhFoscábhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal ('an bhileog sonraí') nach mbeidh an líon soithí atá údaraithe an tráth céanna thar 15.
- (4) An 11 Samhain 2021 ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/2061 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal ⁽⁴⁾.
- (5) I gcomhréir le pointe 5 den bhileog sonraí, foráiltear le hAirteagal 1, pointe (1), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2021/2061 nach bhféadfaidh níos mó ná 15 shoitheach oibriú in uiscí na Máratáine ag aon am amháin i gcatagóir iascaireachta 1.
- (6) Le cinneadh an 8 Nollaig 2023, rinne an Comhchoiste a oibríonn faoin gComhaontú agus faoin bPrótacal pointe 5 den bhileog sonraí a leasú, agus chuir siad leis an líon soithí atá údaraithe le hoibriú ag aon tráth amháin go 18 shoitheach maidir le catagóir iascaireachta 1, gan modhnú a dhéanamh ar na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) atá ann faoi láthair le haghaidh na catagóire iascaireachta sin. Bunaíodh an cinneadh sin ar mheastóireacht arna déanamh ag an gComhchoiste Eolaíoch Neamhspleách ar na héifeachtaí féideartha d'fhéadfadh a bheith ann le méadú ar an líon soithigh i gcomhair stoc na gcrústach. Mar thoradh ar an meastóireacht sin, tháinig an Comhchoiste Eolaíoch Neamhspleách ar an gconclúid go bhféadfaí cur leis an iarracht iascaireachta laistigh den TAC atá ann faoi láthair.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1, pointe (1), de Rialachán (AE) 2021/2061 a leasú chun léiriú a thabhairt ar an méadú ar an líon soithí a gceadaítear dóibh oibriú ag aon tráth amháin i gcatagóir iascaireachta 1 faoin bPrótacal.
- (8) Ba cheart feidhm a bheith ag an méadú ar údaruithe maidir le soithigh chun oibriú ag aon tráth amháin i gcatagóir iascaireachta 1 ó dháta a thugtar an cinneadh ón gComhchoiste chun an Prótacal a leasú, eadhon an 8 Nollaig 2023. Cuideoidh an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin le húsáid na deise iascaireachta faoi chatagóir 1 a bharrfheabhsú. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, dá bhrí sin, ón 8 Nollaig 2023 freisin. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhliteanaigh a chosaint, toisc gur cuireadh leis an líon soithí a údaraítear oibriú faoi chatagóir iascaireachta 1. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le síniú, thar cheann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 439, 8.12.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2123/oj>).

⁽²⁾ IO L 439, 8.12.2021, lch. 3.

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 228, 2.9.2022, lch. 2, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1448/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (2021-2026) (IO L 421, 26.11.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2061/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1, pointe (1), de Rialachán (AE) 2021/2061:

‘(1) Catagóir 1 – Soithí a dhéanann iascaireacht ar chrústaigh seachas gliomaigh spíonacha:

An Spáinn 4 150 tona

An Iodáil 600 tona

An Phortaingéil 250 tona

Sa chatagóir seo, ní féidir le níos mó ná 18 soitheach oibriú in uiscí na Máratáine ag aon am amháin.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES